



Scéim Teanga 2012 – 2015
Seirbhís Thithe an Oireachtais

An Clár

Caibidil	Teideal	Leathanach
1	Réamhrá agus Cúlra	
1.1	Réamhrá	6
1.2	Treoirínite maidir le Scéim a Ullmhú	6
1.3	Ábhar Scéime Teanga	7
1.4	Dáta Thosach Feidhme na Scéime	7
2	Forléargas ar Sheirbhís Thithe an Oireachtais	
2.1	Custaiméirí Sheirbhís Thithe an Oireachtais	8
2.2	Ráiteas Misin	8
2.3	Prionsabail	8
2.4	Riarachán	9
2.5	Cuspóirí	9
2.6	Tiomantas i leith Seirbhísí a Sholáthar trí Ghaeilge	9
2.7	An Chairt Eagraíochta	11

Forléargas ar na Seirbhísí a Sholáthraítear agus ar Infhaighteacht na Seirbhísí sin trí Ghaeilge faoi Láthair

3.1	Oifig na mBillí	12
3.2	Oifig na nImeachtaí	12
3.3	Oifig na gCeisteanna	12
3.4	An tAonad <i>ríomh</i> Dhaonlathais	13
3.5	Oifig na nDíospóireachtaí	13
3.6	Rannóg an Aistriúcháin	13
3.7	Oifig an tSeanaid	14
3.8	Rannóg an Mhaoirseora	14
3.9	Rúnaíocht na gCoistí	14
3.10	An tAonad Craolacháin agus Faisnéise Poiblí	15
3.11	An tAonad Cumarsáide	15
3.12	Seirbhís Leabharlainne agus Taighde an Oireachtais	16
3.13	An Rannóg Acmhainní Daonna agus an tAonad Airgeadais	17
3.14	Oifig an Chomhairleora Dhlíthiúil Parlaiminte	17
3.15	An Rannóg Seirbhísí do Chomhaltaí	17

3.16	Oifig an Choimisiúin agus an Ard-Rúnaí	17
3.17	Oifig Chléireach na Dála	17
4	Feabhas a Chur ar Infhaighteacht Seirbhísí trí Ghaeilge	
4.1	Tiomantas ginearálta d’fhorbairt seirbhíse Gaeilge	18
4.2	Modhanna Ginearálta Cumarsáide leis an bPobal	18
4.3	Feabhas a chur ar chumas Gaeilge STO	22
5	Faireachán agus Athbhreithniú	
5.1	Faireachán agus Athbhreithniú	24
6	An Scéim Chomhaontaithe a Phoibliú	
6.1	An Scéim Chomhaontaithe a Phoibliú	24

Caibidil 1

Réamhrá agus Cúlra

1.1 Réamhrá

Rinne Seirbhís Thithe an Oireachtais (dá ngairtear “STO” anseo ina dhiaidh seo) an scéim seo a ullmhú faoi Alt 11 d’Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Déantar socrú le hAlt 11 den Acht sin maidir le comhlachtaí poiblí d’ullmhú Scéime reachtúla ina sonraítear na seirbhísí a sholáthróidh siad:

- trí mheán na Gaeilge,
- trí mheán an Bhéarla, agus
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla

agus na bearta atá le glacadh chun a chinntiú go ndéanfar aon seirbhís nach soláthraíonn an comhlacht trí mheán na Gaeilge a sholáthar amhlaidh laistigh de thréimhse ama chomhaontaithe.

1.2 Treoirínte maidir le Scéim a Ullmhú

Déantar socrú le hAlt 12 d’Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 maidir leis an **Aire Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta** d’ullmhú treoirínte agus maidir lena n-eisiúint chuig comhlachtaí poiblí chun cuidiú leo dréachtscéimeanna a ullmhú. Rinneadh an Scéim seo a tharraingt suas agus aird chuí á tabhairt ar na treoirínte sin.

D’fhoilsigh STO fógra, i nGaeilge agus i mBéarla, faoi Alt 13 d’Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 inar iarradh uirill ar aon pháirtithe leasmhara i ndáil le hullmhú na dréachtscéime. Ina theannta sin, eisíodh fógra chuig Comhaltaí na dTithe agus foireann uile STO chun aighneachtaí a lorg. Rinneadh na haighneachtaí agus na huirill go léir a fuarthas a bhreithniú le linn an Scéim a dhréachtú.

1.3 Ábhar na Scéime Teanga

Leis an Scéim, tógtar ar sheirbhísí atá ar fáil faoi láthair trí Ghaeilge i STO. Déantar réimsí ina gcuirfear amach uaidh seo leis an tseirbhís a sholáthraíonn STO trí Ghaeilge a aithint i gcorp na Scéime. Áirítear sa Scéim, freisin, gealltanais chun leibhéal agus cineál an éilimh ar sheirbhísí trí Ghaeilge a mheasúnú ar bhonn leanúnach agus chun a chinntiú go leanfaidh STO uirthi ag freastal ar an éileamh sin ar bhealach pleanáilte, comhleanúnach agus inrochtana. Leanfaidh STO uirthi ag tomhas chineál agus leibhéal an éilimh ar a seirbhísí i nGaeilge trí iniúchadh bliantúil a sheoladh ar chineál agus leibhéal na bhfiosruithe agus na n-iarrataí ar sheirbhísí trí Ghaeilge i dtréimhse faoi leith. Is ar Oifig an Leas-Chléirigh agus Stiúrthóir Sheirbhísí na dTithe agus ar an bPríomh-Aistritheoir a bheidh an fhreagracht maidir le faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh ar an Scéim.

1.4 Dáta Thosach Feidhme na Scéime

Tá an scéim seo daingnithe ag an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta. Tiocfaidh an Scéim i bhfeidhm an 1 Lúnasa 2012 agus leanfaidh sí i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bliana ón dáta sin nó go dtí go ndéanfaidh an tAire sin Scéim nua a dhaingniú de bhun Alt 14 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, cibé acu is tuisce.

Caibidil 2

Forléargas ar Sheirbhís Thithe an Oireachtais

2.1 Custaiméirí STO

I gCairt Chustaiméirí STO, aithnítear gurb iad na ceithre ghrúpa seo a leanas custaiméirí STO:

- Comhaltaí Thithe an Oireachtais;
- Daoine den Phobal;
- An Fhoireann Pholaitiúil atá ag Obair i dTithe an Oireachtais;
- Foireann STO.

2.2 Ráiteas Misin

Seo a leanas an misean atá againn:

Fónfaimid do leasanna daonlathacha ár bpríomhpháirtithe leasmhara, muintir na hÉireann, trí fhónamh don pharlaimint:

- *trína chumasú do na Tithe, dá gCoistí agus dá gComhaltaí a ngnó parlaiminteach a dhéanamh; agus*
- *trí fhreastal ar riachtanais na gComhaltaí mar ionadaithe poiblí i gcomhthéacs an ghnó parlaimintigh.*

2.3 Prionsabail

Bíonn na croíphrionsabail seo a leanas mar threoir againn agus ár ráiteas misin á chur i gcrích:

- Urraim don phróiseas daonlathach;
- Seirbhís atá dírithe ar na Comhaltaí;
- Dea-chleachtas bainistíochta.

2.4 Riarachán

Faoi alt 4 den Acht um Choimisiún Thithe an Oireachtais 2003, is ar Choimisiún Thithe an Oireachtais, comhlacht neamhspleách reachtúil ar a bhfuil 11 chomhalta, atá an fhreagracht as Tithe an Oireachtais a reáchtáil. Is éard atá i Seirbhís Thithe an Oireachtais an oifig den tseirbhís phoiblí a bhfuil státseirbhísigh de chuid an Stáit mar fhoireann aici agus iad ar fostú ag an gCoimisiún chun cabhrú leis a ról a chomhlíonadh ó lá go lá.

2.5 Cuspóirí

Tá bunghealltanais i bPlean Straitéiseach an Choimisiúin 2010-2012 atá le seachadadh i rith thréimhse an Phlean. Is iad na ceithre Stiúrtóireacht i Seirbhís Thithe an Oireachtais atá ag seachadadh na mbunghealltanais sin. Tá trí phríomhstraitéis sa Phlean: Feabhas a Chur ar Sheirbhísí don Pharlaimint; Feabhas a Chur ar Sheirbhísí do Chomhaltaí; agus Cur lenár gCumas Seirbhísí a Sholáthar.

2.6 Tiomantas i leith seirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge

Is é an príomhchuspóir atá le hAcht na dTeangacha Oifigiúla 2003 a chinntiú go mbeidh fáil níos fearr ar sheirbhísí don phobal trí Ghaeilge agus go mbeidh na seirbhísí sin ar chaighdeán níos airde. Sular tugadh faoin Scéim seo a dhréachtú, dearbhaíodh tiomantas STO i leith úsáid na Gaeilge san Oireachtas. I gCairt Chustaiméirí Thithe an Oireachtais, atá ar fáil as Gaeilge agus as Béarla araon ar an suíomh gréasáin www.oireachtas.ie, deirtear an méid seo a leanas:

Tá Seirbhís Thithe an Oireachtais tiomanta d'úsáid na Gaeilge a chur chun cinn san Oireachtas agus leis na daoine a dhéanann teagmháil leis an tSeirbhís nó a thugann cuairt uirthi nó a dhéanann gnó léi. Tuigimid go bhfuil sé tábhachtach cur ar bhur gcumas plé linn in aon cheann de na teangacha oifigiúla agus déanfaimid gach a bhfuil riachtanach chun é sin a éascú. Táimid tiomanta freisin do sheirbhís ar ardchaighdeán a chur ar fáil cibé teanga - an Ghaeilge nó an Béarla - a úsáideann sibh linn.

Déanfaidh STO na nithe seo a leanas:

- Oibreoidimid libh, agus tabharfaimid freagraí daoibh, as Gaeilge agus / nó as Béarla de réir bhur rogha;*
- Cuirfimid ár stáiseanóireacht, ár leabhráin faisnéise agus ár gcomharthaíocht ar fáil go dátheangach;*

- *Cuirfimid ár dturais threoraithe ar fáil as Gaeilge, as Béarla nó go dátheangach;*
- *Déanfaimid athbhreithniú leanúnach ar sholáthar na teicneolaíochta a éascaíonn úsáid na Gaeilge i dtimpeallacht oifige.*

2.7 An Chairt Eagraíochta

Déantar na rannóga éagsúla atá i Seirbhís Thithe an Oireachtais a leagan amach sa Chairt Eagraíochta thíos.

An tArd-Rúnaí agus Cléireach na Dála			Oifig an Choimisiúin agus an Ard-Rúnaí
Seirbhísí na dTithe	Coistí, Faisnéis agus Cumarsáid	An Seanad, an Leabharlann agus Taighde	Seirbhísí Corparáideacha agus Seirbhísí do Chomhaltaí
Oifig na mBillí, Oifig na nImeachtaí agus Oifig na gCeisteanna	Rúnaíocht na gCoistí	Oibríochtaí an tSeanaid	Seirbhísí do Chomhaltaí
Díospóireachtaí	Craolachán agus Faisnéis Phoiblí [lena n-áirítear saoráil faisnéise]	Leabharlann agus Taighde	Acmhainní Daonna (Pearsanra, Oiliúint, Soláthar, Clódóireacht)
Rannóg an Aistriúcháin	An tAonad Cumarsáide / <i>ríomh</i> Chomhairliúcháin agus tionscnaimh eile chun an daonlathas a chur chun cinn	Caidrimh Idirpharlaiminteacha	Airgeadas / Faisnéis Bhainistíochta
Maoirseoir na dTithe			Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide
			An Comhairleoir Dlíthiúil Parlaiminte

Ní bhíonn gach ceann de na haonaid/ na hoifigí atá liostaithe thuas ag plé go díreach leis an bpobal. Sa chéad Chaibidil eile den Scéim, leagtar amach an staid teanga reatha i leith gach ceann de na haonaid/ na hoifigí sin agus an méid caidrimh a bhíonn acu le comhaltaí na dTithe agus leis an bpobal.

Caibidil 3

Forléargas ar na Seirbhísí a Sholáthraítear agus ar Infhaighteacht na Seirbhísí sin trí mheán na Gaeilge faoi Láthair

3.1 Oifig na mBillí

Bíonn Oifig na mBillí ag plé le próiseáil agus breithniú reachtaíochta, lena n-áirítear leasuithe a chur síos. Déanann sí próiseáil freisin ar achomhairc a bhaineann le clárú páirtithe polaitíochta agus comhlachtaí ainmniúcháin rollaí toghcháin an tSeanaid. Maidir le Bille a thionscnaítear go dátheangach, is go dátheangach a fhoilsítear na leasuithe go léir a thairgtear air. Sa mhionteagasc a thugtar don Chathaoir, bíonn leagan dátheangach de cibé ceisteanna atá le cur maidir le gach alt den Bhille agus gach leasú atá á thairgeadh. Tá an fhreagracht ar Oifig na mBillí eascairí a eisiúint le haghaidh olltoghchán agus corrtoghchán Dála. Eisítear na heascairí sin i mBéarla agus i nGaeilge. Tar éis dheireadh gach bliana féilire, ullmhaíonn Oifig na mBillí liosta dátheangach de ghearrtheidil na mBillí go léir a ritheadh i gcaitheamh na bliana roimhe sin.

3.2 Oifig na nImeachtaí

Tá Oifig na nImeachtaí freagrach as Riar Oibre na Dála, Cín Lae Imeachtaí na Dála agus as Buan-Orduithe agus Nósanna Imeachta Parlaiminteacha na Dála. Faoi Bhuan-Ordú 18 de Bhuan-Orduithe Dháil Éireann 2007, ní mór Riar na hOibre, Cín Lae Imeachtaí na Dála / an tSeanaid agus gach doiciméad iomchuí eile a eisiúint i nGaeilge agus i mBéarla. Is beag teagmháil a bhíonn ag Oifig na nImeachtaí leis an bpobal.

3.3 Oifig na gCeisteanna

Tá Oifig na gCeisteanna freagrach as Ceisteanna Dála a phróiseáil. Tá na foirmeacha chun Ceisteanna Dála a chur isteach ar fáil go dátheangach agus tugtar freagra ar Cheisteanna le haghaidh freagra ó bhéal nó i scríbhinn i dteanga na bunCheiste.

3.4 An tAonad *ríomh*Dhaonlathais

Is féidir a rá gurb é atá i gceist le *ríomh*Dhaonlathas ná úsáid a bhaint as an Idirlíon agus as an teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide chun tacú leis an bpróiseas daonlathach. Baineann an clár *ríomh*Dhaonlathais lena chinntiú go gcuirtear faisnéis seirbhíse poiblí ar fáil ar líne tríd an ngréasán do Chomhaltaí agus don phobal, an tráth céanna is a chuirtear ar fáil í ar mhodhanna traidisiúnta nó roimhe sin.

Ó seoladh an chéad suíomh gréasáin de chuid an Oireachtais sa bhliain 1996, tá dul chun cinn suntasach déanta maidir le seachadadh seirbhísí ar-líne. Tá téacs iomlán díospóireachtaí stairiúla agus reatha Sheanad Éireann agus Dháil Éireann agus díospóireachtaí reatha Coistí ar fáil air anois. Is sa teanga a labhraíodh le linn na díospóireachta amháin a bhíonn na díospóireachtaí sin ar fáil. Bíonn Billí agus Achtanna an Oireachtais agus faisnéis a bhaineann le suíonna na dTithe ar fáil air freisin. Bíonn Achtanna an Oireachtais ar fáil as Béarla agus as Gaeilge, má tá aistriúchán ar fáil. Tá líon teoranta ábhair eile ar fáil as Gaeilge. Is féidir cuardach a dhéanamh ar ábhar Gaeilge nó Béarla ar an suíomh.

3.5 Oifig na nDíospóireachtaí

Tá Oifig na nDíospóireachtaí freagrach as Tuairisc Oifigiúil na Dála, an tSeanaid agus na gcoistí a chur ar fáil agus a fhoilsiú i gcóip chrua agus ar shuíomh gréasáin an Oireachtais. Tá sí freagrach freisin as díospóireachtaí stairiúla an Oireachtais ó bhunú an Stáit a chothabháil. Foilsítear Tuairisc Oifigiúil na ndíospóireachtaí Dála, Seanaid agus Coistí go léir sa teanga inar thug Teachtaí agus Seanadóirí a gcuid óráidí ar urlár na dTithe nó sna seomraí coiste. Maidir le finnéithe a láithríonn os comhair coistí, is i cibé teanga a labhraíonn siad a thugtar an tuairisc sa Tuairisc Oifigiúil.

3.6 Rannóg an Aistriúcháin

Soláthraíonn Rannóg an Aistriúcháin aistriúcháin oifigiúla ar Achtanna an Oireachtais, Buan-Orduithe na dTithe, Riar na hOibre agus Imeachtaí na dTithe. Seachas an Bunreacht, is iad Achtanna an Oireachtais an phríomhfhoinsé dlí in Éirinn. Tá oibleagáid reachtúil ann ón 14 Iúil 2006 i leith na hAchtanna a fhoilsiú go comhuaineach sa dá theanga oifigiúla a luaithe agus is féidir tar éis a n-achtaithe, mar atá leagtha amach in alt 7 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. De réir alt 3(2)(a) den Acht um Choimisiún Thithe an Oireachtais (Leasú) 2006, tá de dhualgas ar Choimisiún Thithe an Oireachtais Achtanna an Oireachtais a fhoilsiú go comhuaineach sa dá theanga oifigiúla. Cuirtear seirbhís aistriúcháin chomhuainigh (ateangaireacht) ar fáil le linn suíonna den Dáil agus den Seanad, agus má iarrtar é le linn cruinnithe Coiste. Cuidíonn Rannóg an Aistriúcháin le haonaid agus le hoifigí eile laistigh de STO freisin. Ina theannta sin, cuireann an Rannóg seirbhís aistriúcháin comhfhreagrais ar fáil do Chomhaltaí na dTithe. Ón mbliain 1958 i leith nuair a foilsíodh ar dtús é, déanann Rannóg an Aistriúcháin an Caighdeán Oifigiúil a bhainistiú agus a fhoilsiú.

3.7 Oifig an tSeanaid

Tá Oifig an tSeanaid freagrach as Riar Oibre an tSeanaid, Cín Lae Imeachtaí an tSeanaid agus as Buan-Orduithe agus Nósanna Imeachta Parlaiminteacha an tSeanaid. Faoi Bhuan-Ordú 17 de Bhuan-Orduithe Sheanad Éireann 2007, ní mór Riar Oibre an tSeanaid, Cín Lae Imeachtaí an tSeanaid agus gach doiciméad iomchuí eile a eisiúint as Gaeilge agus as Béarla.

Is í Oifig an tSeanaid a phróiseálann clárúchán comhlachtaí ainmniúcháin rollaí toghcháin an tSeanaid

agus gach ní a bhaineann le hOlltoghcháin agus le Corrthoghcháin Seanaid. Áirítear ar chliant Oifig an tSeanaid Comhaltaí Thithe an Oireachtais, foireann Chomhaltaí an Oireachtais, Ranna Rialtais agus daoine den phobal. Go hiondúil, is le nós imeachta parlaiminteach nó le nithe i ndáil le toghcháin Seanaid a bhaineann na fiosruithe a fhaightear.

3.8 Rannóg an Mhaoirseora

Déanann Rannóg an Mhaoirseora bainistiú ar chlár cuairteoirí Theach Laighean. Tagann os cionn 75,000 cuairteoir chuig Teach Laighean in aghaidh na bliana agus tugtar thart ar 2,000 turas ar na Tithe gach bliain. Is féidir turas a thabhairt i gceachtar teanga oifigiúil ach é a iarraidh. Tá an t-ábhar ar fad a thugtar do chuairoteoirí ar fáil go dátheangach.

3.9 Rúnaíocht na gCoistí

Tá sé de cheart ag duine aon ghnó atá aige nó aici os comhair Thithe an Oireachtais agus/nó os comhair coistí, fochoistí nó comhchoistí de chuid an Oireachtais a dhéanamh as Gaeilge nó as Béarla. Cinntítear go mbíonn daoine in ann an ceart sin a fheidhmiú gan stró le linn díospóireachtaí oifigiúla. I gcás go suíonn coiste parlaiminteach i seisiún foirmiúil lasmuigh de mhaighne parlaiminteacha Theach Laighean, cuirtear seirbhísí ateangaireachta ar fáil ag an gcrúinniú nó ag na cruinnithe sin chun rannpháirtíocht lucht labhartha na Gaeilge a éascú.

Nuair a sheolann an Comhchoiste um Chomhshaol, Iompar, Cultúr agus Gaeltacht nó an Roghchoiste um Chomhshaol, Cultúr agus Gaeltacht cruinniú a bhaineann (go hiomlán nó go páirteach) le nithe i dtaobh na Gaeltachta agus/nó na Gaeilge, bíonn an seisiún sin den chruinniú as Gaeilge agus dréachtaítear na miontuairiscí oifigiúla as Gaeilge. Coimeádtar taifead Gaeilge den chomhfhreagras Gaeilge go léir a fhaightear. Sanntar Cléireach don **Chomhchoiste** sin ar bhonn cumais sa Ghaeilge scríofa agus labhartha i measc nithe eile.

Is é an gnáthchleachtas go mbíonn na mionsonraí ar chlúdach tosaigh gach tuarascála a fhoilsíonn coiste Oireachtais (.i. ainm an choiste, teideal na tuarascála agus dáta a foilsithe) as Gaeilge agus as Béarla. Ina theannta sin, i gcás go mbíonn ról reachtúil ag Coistí maidir le hiarrthóirí a ainmniú don Aire iomchuí mar chomhaltaí de bhoird Comhlachtaí Stáit, faoi láthair, déantar na foirmeacha iarratais, an fhógraíocht agus na doiciméid ghaolmhara a chur ar fáil as Gaeilge agus as Béarla araon.

3.10 An tAonad Craolacháin agus Faisnéise Poiblí

Tá an tAonad Craolacháin agus Faisnéise Poiblí freagrach as teilifísiú a dhéanamh ar imeachtaí uile Thithe an Oireachtais agus a gcuid Coistí agus, freisin, as iarrataí ar Shaoráil Faisnéise ón bpobal.

Maidir le fotheidil agus foscúbhinní a úsáidtear sna córais chraolacháin/teilifísisithe—

1. Ní chuireann Aonad Craolacháin an Oireachtais fotheidil ar fáil ach amháin d'óráid an bhuiséid agus is i mBéarla amháin a bhíonn siad.
2. Clúdaíonn foscúbhinní Aonad Craolacháin an Oireachtais (a bhíonn le feiceáil ar an ngréasán teilifíse inmheánach) gach gné de ghnó na dTithe le linn lae suí. Is i mBéarla amháin a bhíonn na foscúbhinní sin, mura rud é go ndéantar socruithe sonracha.

3.11 An tAonad Cumarsáide

Aithnítear i bPlean Straitéiseach Choimisiún Thithe an Oireachtais 2010-2012 gur buntiomantas straitéiseach é tadhall a dhéanamh leis an bpobal. Is é is cuspóir leis an Straitéis Chumarsáide ná tuiscint an phobail ar obair Thithe an Oireachtais agus a gcomhaltaí agus a spéis inti a fheabhsú. Dá bhrí sin, is é an tAonad Cumarsáide an t-aonad den tSeirbhís is mó a bhíonn ag plé leis an bpobal. Is ar thrí ghníomh atá an Straitéis Chumarsáide bunaithe, mar a leanas: Seirbhísí Preasa agus Caidrimh Phoiblí, Cianrochtain Oideachais agus Margaíocht agus Faisnéis.

1. Seirbhísí Preasa agus Caidrimh Phoiblí

Mar phointe teagmhála don phobal agus do na meáin, láimhseáiltear na mílte glao agus ríomhphost ón bpobal in aghaidh na bliana. Eisítear líon teoranta preasráiteas trí mheán na Gaeilge faoi láthair.

2. Cianrochtain Oideachais

Tá ábhar oideachasúil agus DVDanna don chlár Cianrochtana Oideachais ar fáil sa dá theanga oifigiúla agus tá cainteoirí líofa Gaeilge i measc na n-oifigeach cianoideachais atá i bhfeighil an chláir.

3. Margaíocht agus Faisnéis

Mar chuid dá straitéis margaíochta agus faisnéise, eagraíonn STO Lá Teaghlaigh agus Oíche Chultúir i gcampas Theach Laighean. Eagraítear ócáid mhargaíochta ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta freisin. Bíonn an t-ábhar fógraíochta go léir do na hócáidí sin ar fáil go dátheangach.

3.12 Seirbhís Leabharlainne agus Taighde an Oireachtais

Cuireann an tSeirbhís Leabharlainne agus Taighde seirbhísí faisnéise agus taighde ar fáil mar thaca le hobair an Oireachtais. Is iad na príomhúsáidí Comhaltaí an dá Theach agus a bhfoireann, Coistí an Oireachtais agus foireann STO. Tá an tSeirbhís Leabharlainne agus Taighde freagrach as na nósanna imeachta go léir a bhaineann le doiciméid a leagan faoi bhráid Thithe an Oireachtais. Tá an fhoirm chun doiciméid a chur isteach ar fáil sa dá theanga oifigiúla.

3.13 An Rannóg Acmhainní Daonna agus an tAonad Airgeadais

Is do Chomhaltaí na dTithe agus d'Fhoireann STO amháin a bhíonn seirbhísí á gcur ar fáil ag an Rannóg Acmhainní Daonna agus ag an Aonad Airgeadais. Tá méid áirithe foirmeacha agus doiciméad riaracháin ar fáil as Gaeilge don fhoireann. Má bhíonn comhaltaí foirne ag iarraidh cumarsáid ó bhéal nó i scríbhinn trí Ghaeilge a dhéanamh leis an Rannóg Pearsanra, cuirtear an tseirbhís sin ar fáil dóibh.

3.14 Oifig an Chomhairleora Dhlíthiúil Parlaiminte

Is í príomh-fheidhm Oifig an Chomhairleora Dhlíthiúil Parlaiminte ná comhairle dhlíthiúil a thabhairt do Chomhaltaí Tithe an Oireachtais. Ní bhíonn ach fórbheagán cumarsáide ag an Oifig seo leis an bpobal.

3.15 An Rannóg Seirbhísí do Chomhaltaí

Chuir an Rannóg Seirbhísí do Chomhaltaí leaganacha Gaeilge d'fhoirmeacha éilimh costais ar fáil do Chomhaltaí agus déanfaidh sí é sin arís ós rud é go bhfuil córas nua ann anois agus go bhfuil na foirmeacha forbartha. Ina theannta sin, d'fhoilsigh an Rannóg an Chairt Custaiméara reatha agus an Plean Gníomhaíochta Custaiméara sa dá theanga oifigiúla agus déanfaidh sí an chéad leagan eile de na foilseacháin sin a fhoilsiú sa dá theanga freisin i mbliana.

3.16 Oifig an Choimisiúin agus an Ard-Rúnaí

Cuireann foireann Oifig an Choimisiúin agus an Ard-Rúnaí tacaíocht ar fáil d'obair Choimisiún Tithe an Oireachtais agus Ard-Rúnaí na Seirbhíse. Maidir le Plean Straitéiseach an Choimisiúin (a fhoilsítear gach trí bliana) agus maidir lena Thuarascáil Bhliantúil a ullmhaítear de bhun ailt 6 agus 16 den Acht um Choimisiún Tithe an Oireachtais 2003, foilsítear i bhformáid dhátheangach iad.

3.17 Oifig Chléireach na Dála

Tugann foireann Oifig Chléireach na Dála tacaíocht don Chléireach le linn dó a fheidhmeanna nóis imeachta a chomhlíonadh sa Dáil agus le linn dó a dhualgais *ex-officio* mar Chléireach na Dála a chomhlíonadh.

Caibidil 4

Feabhas a Chur ar Infhaighteacht Seirbhísí trí Ghaeilge

4.1 Tiomantas Ginearálta d'Fhorbairt Seirbhíse Gaeilge

Tá STO tiomanta d'fhorbairt scileanna Gaeilge a spreagadh thar gach réimse de STO d'fhonn forbairt fhorásach seirbhíse ardchaighdeáin don chustaiméir i nGaeilge a éascú chun freastal ar an éileamh ar sheirbhísí den sórt sin. Tá réimsí ann áfach (preaseisiúintí, mar shampla) ar féidir feabhas a bhaint a amach. Cé gur saincheist chostais agus ama go príomha í cumarsáidí scríofa a chur ar fáil i bhformáid dhátheangach, meastar gur deacra i bhfad forbairt scileanna Gaeilge ag an bhfoireann chun seachadadh seirbhíse idirphearsanta ó lá go lá a éascú.

Dá bhrí sin, tógfaidh sé cuid mhaith ama agus saothair chun cur le hinfaighteacht na seirbhísí Gaeilge a sholáthraítear do Chomhaltaí agus don fhoireann. Chuige sin, theastódh méadú ar an gcroíghrúpa foirne réasúnta beag a bhfuil dóthain cumais Gaeilge agus muiníne acu chun seirbhísí Gaeilge a sheachadadh ar leibhéal idirphearsanta. Beidh tionchar ag na saincheisteanna a luadh thuas ar chumas STO na haidhmeanna atá leagtha amach sa Scéim seo a bhaint amach, agus beidh tionchar ag (a) éilimh roimhe sin ar acmhainní Rannóg an Aistriúcháin agus (b) foireann a bheith ar fáil i réimsí eile, ag a bhfuil na scileanna riachtanacha Gaeilge, ar bhaint amach na n-aidhmeanna sin.

4.2 Modhanna Ginearálta Cumarsáide leis an bPobal

4.2.1 Comhfhreagras

I dteannta leanúint uirthi den oibleagáid dhlíthiúil atá uirthi comhfhreagras a fhaightear as Gaeilge a fhreagairt as Gaeilge a chomhlíonadh, déanfaidh STO na nithe seo a leanas:

- déanfar comhfhreagras a thionscnamh i nGaeilge le daoine nó comhlachtaí arb eol gur fearr leo comhfhreagras as Gaeilge. Ordófar don fhoireann taifead a choimeád ar na daoine nó na comhlachtaí sin d'fhonn an gealltanas seo a chomhlíonadh (ó thosach feidhme na Scéime);
- cuirfear teachtaireacht chaighdeánach sna ríomhphoist lena ndéanfar fáilte a chur go sonrach roimh chomhfhreagras as Gaeilge (laistigh de thrí mhí ó thosach feidhme na Scéime);
- úsáidfídh STO logainmneacha oifigiúla na limistéar Gaeltachta, arna ndearbhú ag an Aire **Ealaíon, Oidhreachta** agus Gaeltachta, i gcumarsáidí leis an bpobal i gcoitinne, ach amháin más rud é go bhféadfadh na logainmneacha sin a bheith éagsúil leis na seoltaí ar chomhfhreagras a bheidh faighte ag STO nó leis na seoltaí sna comhaid (ó thosach feidhme na Scéime);

- cinnteoidh Aonad Cumarsáide an Oireachtais go mbeidh na litreacha go léir a eisítear chuig scoileanna mar chuid den chlár Cianrochtana ar fáil sa dá theanga oifigiúla (laistigh de shé mhí ó thosach feidhme na Scéime).

4.2.2 Stáiseanóireacht

Maidir le stáiseanóireacht:

- déanfar tagairt shonrach d'fháilte a bheith roimh úsáid na Gaeilge a chur isteach i stáiseanóireacht nua, mar shampla 'Cuirfear fáilte roimh chomhfhreagras i nGaeilge' (a luaithe a bheidh stáiseanóireacht nua ag teastáil, deartha agus faighte tar éis thosach feidhme na Scéime).

4.2.3 Bileoga Faisnéise/Foirmeacha Iarratais/Póstaeir

Déanann STO roinnt bileog, póstaer agus foirmeacha iarratais a chur amach le haghaidh daoine den phobal i gcoitinne. Is iad seo a leanas na gealltanais atá á dtabhairt ag STO maidir leis na nithe sin a chur ar fáil as Gaeilge:

- Beidh sé mar bheartas ginearálta againn aon doiciméid nua den sórt sin a sholáthar i bhformáid dhátheangach laistigh den chlúdach céanna. Má tharlaíonn sé, ar chúiseanna oibríochtúla, nach féidir na doiciméid sin a chur ar fáil laistigh den chlúdach céanna, fós cuirfear ar fáil iad go dátheangach. I gcás go ndéantar dhá leagan ar leithligh a sholáthar, cinnteofar go mbeidh fáil ar an leagan Gaeilge chomh héasca leis an leagan Béarla;
- Ina theannta sin, cuirfidh STO tús leis an bpróiseas maidir le gach ábhar den sórt sin atá ann cheana féin, agus a bhfuil úsáid á baint as i gcónaí, a aistriú de réir a chéile, d'fhonn an t-ábhar sin a chur ar fáil i bhformáid dhátheangach. Ar bhonn an cháis, déanfar cinntí i dtaobh an ndéanfar leaganacha dátheangacha de na doiciméid sin a chur ar fáil faoin aon chlúdach amháin (faoi dheireadh bhliain 2 den Scéim);

4.2.4 Preaseisiúintí

Eisíonn Tithe an Oireachtais lear mór preaseisiúintí gach bliain. Mar shampla, sa tréimhse sé mhí ó Eanáir 2012 go dtí Meitheamh 2012, eisíodh os cionn 400 preaseisiúint (lín is ionann agus 67 bpreaseisiúint in aghaidh na míosa). Faoi láthair, níl ach líon an-íseal de na preaseisiúintí sin ar fáil sa Ghaeilge. Tugann STO gealltanais faoin Scéim seo:

- go mbeidh 5% ar a laghad de phreaseisiúintí nua a eiseofar ar fáil sa dá theanga oifigiúla faoi dheireadh thréimhse na Scéime seo.

4.2.5 Fógraí Béil/Cumarsáidí Gutháin leis an bPobal

Is iad seo a leanas na gealltanais atá á dtabhairt maidir leis na seirbhísí seo a leanas a chur ar fáil go dátheangach:

- freagróidh oibritheoirí lasc-chláir STO an guthán trí ainm STO nó an aonaid / na hoifige a lua as Gaeilge agus as Béarla (ó thosach feidhme na Scéime);
- cinnteofar go mbeidh na bunbheannuithe Gaeilge ar eolas ag na hoibritheoirí lasc-chláir;
- déanfar liosta de chomhaltaí foirne ar féidir leo seirbhís a sholáthar trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil don fhoireann lasc-chláir (ó thosach feidhme na Scéime).
- Cuirfear socruithe cuí ar bun ionas gur féidir leis an bhfoireann lasc-chláir daoine den phobal i gcoitinne a chur i dteagmháil, gan mhoill, le cibé oifig nó oifigeach atá freagrach as an tseirbhís atá ag teastáil a thairiscint trí mheán na Gaeilge (laistigh de 6 mhí ó thosach feidhme na Scéime);
- cuirfear treoir ar fáil don fhoireann maidir le glaonna gutháin a láimhseáil ó chainteoirí Gaeilge i measc an phobail i gcoitinne (laistigh de 6 mhí ó thosach feidhme na Scéime);
- beidh na fógraí réamhthaifeadta go léir sna hardaitheoirí dátheangach (laistigh de 3 mhí ó thosach feidhme na Scéime);
- spreagfar na Comhaltaí agus an fhoireann chun a gcuid teachtaireachtaí gutháin réamhthaifeadta a chur ar fáil go dátheangach (laistigh de 3 mhí ó thosach feidhme na Scéime);
- beidh na teachtaireachtaí glórphoist go léir ar ghutháin dheasc fiosrúcháin lárnach na Seirbhíse Leabharlainne agus Taighde ar fáil sa dá theanga oifigiúla (laistigh de 3 mhí ó thosach feidhme na Scéime).

4.2.6 Seirbhís Cuntair Dhátheangach

Le linn shaolré na scéime seo, déanfar foghlaim na Gaeilge ag an bhfoireann uiséirí a éascú agus é mar aidhm cur lenár gcumas seirbhís cúntair dhátheangach a chur ar fáil.

4.2.7 Láithreán Gréasáin

Rinneadh athdhearadh ar shuíomh gréasáin STO le déanaí. Cé gur féidir leis an leagan nua den suíomh

gréasáin ábhar Gaeilge a óstáil, tá sé réasúnta tearc in ábhar Gaeilge. Faoi réir aon chuntair a fhéadfaidh a bheith áit eile sa doiciméad seo, tá beartaithe go mbeidh i bhfad níos mó ábhair dhátheangaigh ar an suíomh gréasáin ná mar atá ar fáil anois. Tá sé i gceist ach go háirithe:

- go mbeidh leagan Gaeilge ann de phríomhcheannteidil na leathanach éagsúil ar an suíomh (laistigh de 6 mhí ó thosach feidhme na Scéime) agus go mbeidh leagan dátheangach ann den ábhar statach go léir a thaispeántar ar an suíomh (faoi dheireadh na Scéime).

4.2.8 Córais Ríomhaireachta agus Seirbhísí Idirghníomhacha

Is ar ardán Lotus Notes atá córas ríomhphoist na Seirbhíse bunaithe. Tá litreoir Béarla ar fáil mar chuid den fheidhmchlár sin. Tugann STO gealltanais:

- go mbreithneoidh an tAonad ICT na féidearthachtaí teicniúla atá ann i ndáil le litreoir Gaeilge a chur ar fáil laistigh de Lotus Notes, **go gcuirfear** an breithniú sin i gcrích laistigh den chéad sé mhí den Scéim;
- go bhfuil agus go mbeidh na córais ríomhaire go léir i STO ábalta go hiomlán an Ghaeilge a láimhseáil; agus
- go ndéanfar aon seirbhísí idirghníomhacha a bheidh ar fáil amach anseo a thabhairt isteach go comhuaineach sa dá theanga (níl aon seirbhísí idirghníomhacha ar fáil faoi láthair).

4.2.9 Comharthaíocht

Ó thaobh na comharthaíochta de, is iad seo a leanas na gealltanais atá á dtabhairt sa Scéim seo:

- eiseofar fógra chuig na rannóga go léir i STO á chur in iúl dóibh go gceanglaítear orthu faoin Scéim seo gach comhartha agus fógra atá dírithe ar an bpobal a thaispeáint go dátheangach (láithreach);
- déanfaidh Aonad Craolacháin an Oireachtais iniúchadh i dtaobh a indéanta a bheadh sé foscúbhinní Gaeilge ar-scaileán a thaispeáint le linn do Choiste éisteacht a sheoladh as Gaeilge (laistigh de na chéad trí mhí den Scéim).

4.2.10 Úsáid na Gaeilge a Spreagadh

Tá sé mar aidhm ag STO úsáid na Gaeilge a spreagadh agus chuige sin, tá na gealltanais seo a leanas á dtabhairt ag STO:

- cuirfear in iúl go sonrach do chuairoteoirí, le linn dóibh turas ar Theach Laighean a chur in áirithe, gur féidir an turas a dhéanamh trí Bhéarla nó trí Ghaeilge nó go dátheangach (láithreach);
- cuirfear litreacha i bhformáid dhátheangach chuig gach meánscoil maidir leis an gClár Cianoideachais ina luafar go sonrach gur féidir an clár a dhéanamh trí Ghaeilge (ar thosach feidhme na Scéime);
- déanfaidh STO iarracht gníomhaíochtaí trí Ghaeilge a eagrú do Lá na dTeaghlach agus don Oíche Chultúir (roimh dheireadh na chéad bhliana den Scéim);
- cuirfidh an Rannóg Seirbhísí do Chomhaltaí foirmeacha éilimh i nGaeilge ar fáil do Chomhaltaí.

4.3 Feabhas a chur ar chumas Gaeilge STO

Rinneadh na gealltanais agus na tosaíochtaí seo a leanas a aithint d'fhonn an cuspóir a bhaint amach maidir le cumas Gaeilge STO a fheabhsú agus bonn fóna a sholáthar le haghaidh forbairtí sa todhchaí:

- déanfaidh STO iniúchadh chun dáta, d'fhonn na comhaltaí foirne sin ar mian leo baint ghníomhach a bheith acu le seirbhísí a thairiscint trí Ghaeilge, agus a bhfuil an cumas Gaeilge is gá chuige sin acu, a aithint (faoi thosach feidhme na Scéime);
- cuirfear liostaí de chomhaltaí foirne a bheidh ar fáil chun seirbhísí trí Ghaeilge a sholáthar ar fáil d'oibritheoirí lasc-chláir agus d'fhoireann Fáiltithe STO. Beidh rochtain, freisin, ag comhaltaí foirne STO ar liosta STO (ó thosach feidhme na Scéime). Déanfar iarracht comhaltaí foirne a bhfuil cumas Gaeilge acu a lonnú in áiteanna cuí ar fud STO (faoi dheireadh na Scéime).

4.3.1 Oiliúint agus Forbairt

Bunaithe ar thorthaí an iniúchta foirne, déanfar na bearta seo a leanas:

- freastalóidh STO ar aon riachtanais oiliúna a aithneofar, laistigh de chomhthéacs Straitéis Oiliúna agus Forbartha STO (faoi dheireadh na chéad bhliana den Scéim);
- spreagfar an fhoireann chun páirt a ghlacadh in oiliúint a sholáthraíonn Gaeleagras (faoi dheireadh na chéad bhliana den Scéim);
- áireoidh STO feasacht teanga mar chuid den ionducthúchán agus den oiliúint seirbhíse custaiméara d'fhonn a chinntiú go dtuigfidh an fhoireann (a) an fáth a bhfuil beartas

dátheangach á chur i ngníomh, (b) comhthéacs agus cúlra an bheartais sin, agus (c) an tslí a ndéanfaidh an beartas sin difear dá gcuid oibre (tráth nach déanaí ná 3 mhí tar éis thosach feidhme na Scéime);

- cinnteoidh STO go mbeidh rochtain éasca ag an bhfoireann go léir ar fhaisnéis agus acmhainní teanga, mar shampla, treoirlínte, beartais, logainmneacha, foclóirí, téipeanna, etc. (laistigh de 3 mhí ó thosach feidhme na Scéime);
- déanfar cnuasach de théarmaí a d'fhéadfadh a bheith úsáideach do chomhaltaí foirne i gcomhlíonadh a ndualgas a chur le chéile agus a sholáthar d'fhoireann iomlán STO (roimh dheireadh na chéad bhliana den Scéim);
- tabharfar tacaíocht d'eagrú ócáidí sóisialta as Gaeilge (ciorcail chomhrá) trí struchtúr Comhpháirtíochta STO.

4.3.2 Tríú Páirtithe

Cinnteoidh STO:

- go ndéanfar an Scéim a chur in iúl do thríú páirtithe a bheidh ag obair do STO, más iomchuí, agus spreagar iad chun spiorad na Scéime a thabhairt leo le linn dóibh seirbhísí a sholáthar (laistigh de thrí mhí ó thosach feidhme na Scéime).

Caibidil 5

5.1 Faireachán agus Athbhreithniú

Coinneoidh an Coiste Comhairleach Bainistíochta (CCB) laistigh de STO, trí Oifig an Leas-Chléirigh agus Stiúrthóir Sheirbhísí na dTithe agus tríd an bPríomh-Aistritheoir, oibriú éifeachtach na Scéime faoi athbhreithniú. Is iad na cinn rannóige go príomha a dhéanfaidh an faireachán laethúil a chur i gcrích agus is iad a bheidh freagrach as cur i bhfeidhm na Scéime ina réimsí féin. Cuirfidh cinn rannóige tuarascálacha ráithiúla i dtaobh chomhlíonadh na Scéime faoi bhráid an Phríomh-Aistritheora.

Caibidil 6

6.1 An Scéim Chomhaontaithe a Phoibliú

Déanfar ábhar na Scéime seo, mar aon le gealltanais agus forálacha na Scéime, a phoibliú ar na modhanna seo a leanas:

- Preaseisiúint;
- Cuirfear in áit fheiceálach ar Shuíomh Gréasáin STO é.

Scaipfear an Scéim ar na Comhaltaí agus cuirfear cóip di chuig Oifig an Choimisinéara Teanga. Déanfar cóipeanna den Scéim a thabhairt freisin do na daoine/na heagraíochtaí sin a chuir aighneachtaí ar aghaidh chuig STO.

